# An Garda Síochána

**LEABHRAN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ**

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL SULA gCUIREANN TÚ IARRATAS ISTEACH

Comórtas Oscailte le haghaidh Ceapacháin chuig an bPost mar

## Oifigeach um Chosaint Sonraí

## (Príomh-Oifigeach)

## sa

## Gharda Síochána

**HRD_37D-240927/21**

**Dáta Deiridh: Dé hAoine 25th Meitheamh, 2021**

Tá an Garda Síochána tiomanta don bheartas um chomhdheiseanna.

Reáchtálfar an comórtas seo de réir na gCód Cleachtais arna n-ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) - atá ar fáil ar www.cpsa.ie

---

TEAGMHÁIL: Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna an Gharda Síochána Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Co. na Mí C15 ND62. Teileafón: 046 903 6376/7/5 nó HRPD.StaffCompetitions@garda.ie

THE DIFFERENCE IS YOU

# Clár Ábhair

**CUID 1: Forbhreathnú ar an nGarda Síochána** .......... 3

**CUID 2: Sonraíocht Phoist** .......... 4

**CUID 3: Sonraíocht maidir leis an Duine** .......... 6

**CUID 4: Incháilitheacht chun Dul san Iomaíocht** .......... 8

**CUID 5: Príomhchoinníollacha na Seirbhíse** .......... 10

**CUID 6: Próiseas Iarratais agus Roghnúcháin** .......... 16

**CUID 7: Faisnéis Thábhachtach Iarrthóra** .......... 18

## CUID 1: Forbhreathnú ar an nGarda Síochána

Is é an Garda Síochána seirbhís náisiúnta póilíneachta agus slándála na hÉireann le timpeall 14,500 ball Garda, 3,400 ball foirne Garda agus 500 Garda Cúltaca. Is é misean an Gharda Síochána "Daoine a Choinneáil Sábháilte'. Tá an Garda Síochána uathúil i measc seirbhísí póilíneachta ar fud an domhain, mar chomhlacht aonadach atá freagrach as slándáil an Stáit, agus as seirbhísí póilíneachta a sholáthar. Tá an dá fheidhm aontaithe le fealsúnacht bhunúsach: cosaint an duine aonair agus sábháilteacht na bpobal. Tá an Garda Síochána laistigh den phobal , agus tá an póilíneacht phobail i gcroílár na hoibre a dhéanann an eagraíocht.

Chun ligean don Gharda Síochána seirbhísí póilíneachta níos freagraí, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sholáthar, tá athruithe bunúsacha á ndéanamh faoi láthair ar struchtúr na heagraíochta. Trí Shamhail Oibriúcháin Eagraíochta nua a chur i bhfeidhm, bogfaidh an Garda Síochána ó shamhail gheografach go samhail fheidhmiúil ó thaobh soláthar seirbhíse póilíneachta de, ag eagrú ár n-acmhainní timpeall na seirbhísí a sholáthraímid. Beidh athstruchtúrú suntasach ann freisin ar rannáin na gceanncheathrú agus na n-aonad náisiúnta. Ligfidh an t-athstruchtúrú seo oibriú níos éifeachtaí, soláthar seirbhíse níos fearr agus cumas méadaithe chun tacaíocht a sholáthar do phobail agus d'íospartaigh na coireachta.

D'fhormheas an Rialta fís fhoriomlán d'fhórsa sa 2016 saothair an Gharda chun neart na seirbhíse a mhéadú go 15,000 ball Garda, 4,000 ball foirne Garda agus 2,000 Cúltaca Garda faoi 2021. Chomh maith le hinfheistíocht a dhéanamh ina muintir, infheisteoidh an eagraíocht i mbonneagar agus i dtrealamh TFC.

Le héilimh agus ionchais athraitheacha na saoránach, na dúshláin slándála agus póilíneachta atá ag teacht chun cinn agus an clár leathan athchóirithe in éineacht le teicneolaíocht agus córais nua a thabhairt isteach, cruthaítear éileamh práinneach ar fheabhsú leanúnach de straitéisí agus de bheartais. Caithfidh na feabhsuithe seo a chinntiú go bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an saineolas ag ár ndaoine, cibé acu Baill den Gharda Síochána (oifigigh póilíní), Baill Foirne an Gharda Síochána nó Baill Chúltaca an Gharda Síochána iad chun an acmhainn a sholáthar a theastaíonn ón eagraíocht freagairt do na héilimh atá teacht chun cinn i gcónaí maidir le póilíneacht.

Eagraíocht dhinimiciúil is ea an Garda Síochána inar féidir le phearsanra go léir slí bheatha fiúntach seirbhíse a sholáthar do phobail agus do mhuintir na hÉireann.

***Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí***

I mí na Nollag 2018, d'fhoilsigh an Rialtas *Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí* - Plean 4 bliana (2019-2022) chun an *Tuarascáil ón gCoimisiún ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn* (CoFPI) a chur chun feidhme.

Sa Tuarascáil CoFPI, tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá taobh thiar d'athrú agus cuirtear fís shoiléir i láthair do thodhchaí an Gharda Síochána. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán a rinne an Coimisiún forbraíodh 10 bpríomhphrionsabal maidir le todhchaí na póilíneachta in Éirinn, agus sraith chuimsitheach de moltaí chun freastal ní amháin ar dhúshláin reatha ach ar dhúshláin sa todhchaí freisin.

## CUID 2: Sonraíocht Phoist

Bunaíodh an tAonad um Chosaint Sonraí i lár na bliana 2018 chun cabhrú leis an Oifigeach Cosanta Sonraí i ngach ábhar a bhaineann le Cosaint Sonraí agus i ndiaidh don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an Treoir maidir le Fhorfheidhmiú an Dlí (TFD) teacht i bhfeidhm, a trasuíodh leis an Acht um Chosaint 2018, lenar cuireadh oibleagáidí suntasacha breise ar an nGarda Síochána. Cuireadh i gcrích aistriú agus lárú na hoibre cosanta sonraí go léir chuig an Aonad um Chosaint Sonraí go déanach in 2019.

***Neamhspleáchas***

Ceanglaítear ar an Oifigeach Cosanta Sonraí a fheidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách. Foráiltear le hAirteagal 38(3) den RGCS agus le hAlt 88(4)(c) den Acht um Chosaint Sonraí 2018 go gcinnteoidh an rialaitheoir sonraí go ndéanfaidh an tOifigeach um Chosaint Sonraí an méid seo a leanas:

- Tuairisciú go díreach, maidir lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna, chuig an leibhéal bainistíochta is airde den rialaitheoir,
- Nach bhfaighidh sé nó sí aon treoir maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna sin, agus
- Go bhfuil baint aige nó aici ar bhealach iomchuí agus tráthúil le gach ábhar a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

***Comhthéacs Straitéiseach***

*Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána*

Faoin tSamhail Oibriúcháin nua, beidh Ceannfort atá tiomnaithe do Rialachas agus Dearbhú Feidhmíochta den chéad uair ag gach Rannán, lena n-áirítear cáilíocht sonraí, agus Príomhoifigeach Cúnta atá freagrach as Seirbhísí Gnó, lena n-áirítear soláthar sonraí a sholáthar go tráthúil don Aonad um Chosaint Sonraí. Beidh na róil nua seo agus bainistíocht an chaidrimh leis sin riachtanach chun cuidiú leis an Oifigeach Cosanta Sonraí nua a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Garda Síochána oibleagáidí cosanta sonraí, toisc go ndéanfar an tsamhail nua a rolladh amach i gcéimeanna incriminteacha sna blianta beaga amach romhainn.

*Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise*

Tá an Garda Síochána tiomanta go láidir don phrionsabal gur chóir go mbeadh póilíneacht faoi stiúir faisnéise. Ciallaíonn sé seo go leanfaidh leis an bhfás ar an éileamh láidir atá ann cheana ar thacaíocht imscrúdaithe anailíseach, anailísíocht sonraí agus córais faisnéise (feidhmchláir) a úsáideann méideanna móra sonraí. Dá bharr, tá méadú ag teacht ar an ngá atá le sonraí a fháil ó fhoinsí nua agus teicnící nua a úsáid chun iad a phróiseáil, a anailísiú agus a scaipeadh. Tá sé riachtanach go dtarlóidh sé seo go léir i gcomhthéacs ina gcloítear go láidir le prionsabail agus rialacháin um chosaint sonraí.

***Forbhreathnú ar an Ról***

Mar Phríomhoifigeach, déanann an tOifigeach Cosanta Sonraí maoirseacht ar an Oifig Náisiúnta um Chosaint Sonraí ina cuimsítear:

- An tAonad um Chosaint Sonraí, arna bhainistiú ag Príomhoifigeach Cúnta, agus

- An Oifig um Shaoráil Faisnéise, arna bainistiú ag Príomhoifigeach Cúnta (Oifigeach um Shaoráil Faisnéise)

Tá an Garda Síochána ag scrúdú feabhsúcháin ar a nósanna imeachta um bainistiú taifead faoi láthair ina bhféadfadh ceapachán de Príomhoifigeach Taifead bheith i gceist sa todhchaí, ar leibhéal an Phríomhoifigigh Chúnta, le freagracht as beartas agus iniúchadh bainistíochta sonraí.

***Príomhfhreagrachtaí***

Ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Faisnéise, beidh an tOifigeach Cosanta Sonraí ina bhainisteoir sinsearach lárnach.

Áirítear ar phríomhfhreagrachtaí an róil:

- Eolas agus comhairle a thabhairt don Gharda Síochána, agus d'fhostaithe an Gharda Síochána a chuireann próiseáil i gcrích, faoina gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018, an RGCS agus aon dlí eile de chuid an Aontais Eorpaigh nó dlí an Stáit a bhaineann leis an cosaint de shonraí pearsanta.

- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Gharda Síochána leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018, an RGCS agus aon dlí eile de chuid an Aontais Eorpaigh nó dlí an Stáit a bhaineann le cosaint de shonraí pearsanta.

- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh bheartais an Gharda Síochána maidir le cosaint de shonraí pearsanta, lena n-áirítear sannadh freagrachtaí an rialaitheora maidir le cosaint sonraí pearsanta.

- Feasacht a mhúscailt agus oiliúint a chur ar bhaill foirne a bhfuil baint acu le hoibríochtaí próiseála ina leith sin, agus aon ghníomhaíocht iniúchta a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

- Comhairle a thabhairt, arna iarraidh sin, maidir le measúnú tionchair ar chosaint sonraí a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh ar aon chéimeanna a thógtar de bhun an mheasúnaithe sin.

- Ag gníomhú mar phointe teagmhála d'ábhair sonraí maidir le gach saincheist a bhaineann le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta agus le feidhmiú a gcearta faoin reachtaíocht um chosaint sonraí.

- Comhoibriú leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí (CCS) agus gníomhú mar phointe teagmhála don CCS le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le próiseáil a dhéanann an Garda Síochána, lena n-áirítear comhairliúchán ag an nGarda Síochána leis an CCS ar shaincheisteanna ábhartha.

- Dul i mbun dualgas atá ar cóimhéid leis an bpost de réir mar a chinnfidh an Príomhoifigeach Faisnéise.

## CUID 3: Sonraíocht maidir leis an Duine

***Ceanglais riachtanacha***

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu:

- Taithí agus saineolas suntasach i ndlíthe agus i gcleachtais náisiúnta agus Eorpacha um chosaint sonraí lena n-áirítear tuiscint dhomhain ar an RGCS (agus a chur chun feidhme);
- Tuiscint dhomhain ar bheartais agus ar chleachtais Slándála Faisnéise agus Sonraí;
- Tuiscint láidir ar bheartais Bainistíochta Taifead agus nósanna imeachta dea-chleachtais;
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth agus taithí chruthaithe maidir le rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach ar an leibhéal is airde;
- An cumas oibleagáidí comhlíonta a chothromú le héifeachtaí ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochta;
- An cumas riachtanais rialála casta a léirmhíniú agus comhairle inghníomhaithe a sholáthar;
- An cumas cultúr cosanta sonraí a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.

**<u>AGUS</u>**

Ní mór d'iarrthóirí, ar an dáta deiridh nó roimhe sin, an méid seo a leanas a bheith acu:

- Cáilíocht ar íosleibhéal 8 sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (leibhéal Céime Onóracha Baitsiléara ), i ndisciplín gaolmhar.

| |
|---|
| Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach dtabharfar le tuiscint le cead isteach chuig an comórtas go gcomhlíonann sé nó sí na critéir incháilitheachta. Dá bhrí sin, ba cheart d'iarrthóirí iad féin a shásamh go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta don chomórtas seo. |

***Ní mór d'iarrthóirí na príomhinniúlachtaí maidir le feidhmíocht éifeachtach ag an leibhéal seo a thaispeáint atá mionsonraithe ar an gcéad leathanach eile.***

Buntáiste a bheadh ann d'iarrthóirí an méid seo a leanas a bheith acu:

- Taithí ar thrédhearcacht sonraí agus ar fhoilsiú réamhghníomhach faisnéise;
- Eolas láidir ar an reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise agus ar chur i bhfeidhm cleachtas trédhearcachta sonraí;
- Taithí ar fheasacht ar chosaint sonraí a chur chun cinn;
- Inniúlacht láidir chun teicneolaíochtaí casta próiseála faisnéise a thuiscint;
- Scileanna iniúchta.

## ***Príomhinniúlachtaí maidir le feidhmíocht éifeachtach ag Leibhéal an Phríomhoifigigh***

| **Ceannaireacht& Treo Straitéiseach** |
|---|
| • An fhoireann a threorú, ag leagan síos ardchaighdeáin, ag dul i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta agus ardfheidhmíocht a éascú;<br>• Malartú oscailte smaointe a éascú agus atmaisféar cumarsáide oscailte a éascú;<br>• Cur le múnlú straitéis agus beartas na Roinne / Rialtais;<br>• Cumas agus acmhainn a fhorbairt ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach;<br>• Cultúr foghlama agus forbartha a chothú, ag tairiscint cóitseála agus aiseolais chuidithigh / thacúil;<br>• Ullmhú agus cur i bhfeidhm athrú agus athchóiriú suntasach a threorú;<br>• Réamh-mheas agus freagairt go tapa ar fhorbairtí san earnáil / sa timpeallacht níos leithne;<br>• Comhoibriú go gníomhach le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile. |
| **Breithiúnas & Cinnteoireacht** |
| • Saincheisteanna lárnacha a shainaithint agus díriú orthu nuair atáthar ag déileáil le faisnéis / cásanna casta;<br>• Fíricí a chruinniú, faisnéis ó bhéal agus uimhriúil a ionramháil agus smaoineamh ar shaincheisteanna go loighciúil;<br>• Na caidrimh idir saincheisteanna a shainaithint agus tuiscint tapa a fháil ar na himpleachtaí ardleibhéil agus soch-pholaitiúla;<br>• Réitigh chomhleanúnacha ar shaincheisteanna casta a shainaithint;<br>• Gníomh a ghlacadh, cinntí a dhéanamh go tráthúil agus a bheith misneach aige nó aici iad a thabhairt chun críche;<br>• Cinntí fónta eolasacha a ghlacadh, tuiscint a fháil ar a dtionchar agus a n-impleachtaí;<br>• A dhícheall a dhéanamh chun cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir na saincheisteanna earnála, na heilimintí polaitiúla agus tionchar na saoránach i ngach cinneadh. |
| **Bainistíocht & Seachadadh de Thorthaí** |
| • Freagracht phearsanta a thionscnamh agus a ghlacadh as torthaí / seirbhísí a sholáthar ina réimse féin;<br>• Iarmhéid straitéise agus mionsonraí oibríochta chun freastal ar riachtanais ghnó;<br>• Cáir oibre agus tascanna iolracha a bhainistiú agus acmhainní a ath-leithdháileadh chun athruithe ar fhócas a bhainistiú;<br>• An úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní agus bearta feidhmíochta a chur i bhfeidhm chun cuspóirí a bhaint amach;<br>• A chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as TFC agus as samhlacha nua seachadta;<br>• Athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí chun a n-éifeachtacht a chinntiú agus go gcomhlíonann siad riachtanais na hEagraíochta;<br>• Béim a chur ar thábhacht éifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus freastal ar riachtanais rialachais chorparáidigh;<br>• A chinntiú go bhfuil an fhoireann dírithe agus gníomhú ar thosaíochtaí an phlean Gnó, fiú nuair a bhíonn brú orthu. |
| **Caidrimh a Thógáil & Cumarsáid** |
| • Labhairt agus scríobh ar bhealach soiléir, réidh agus a mbeidh tionchar aige;<br>• Éisteacht go gníomhach, ag iarraidh peirspictíocht agus seasamh daoine eile a thuiscint;<br>• Coinbhleachtaí / easaontais a bhainistiú agus a réiteach ar bhealach dearfach agus cuiditheach;<br>• Oibriú go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, ag aithint agus ag bainistiú teannas a éiríonn as peirspictíochtaí páirtithe leasmhara éagsúla;<br>• Cur ina luí ar dhaoine eile; comhthoil a thógáil, comhoibriú a ghnóthú ó dhaoine eile chun faisnéis a fháil agus chun cuspóirí a bhaint amach;<br>• I dteagmháil go réamhghníomhach le comhghleacaithe ag gach leibhéal den eagraíocht agus ar fud Ranna / Eagraíochtaí eile agus líonraí gairmiúla láidre a chruthú;<br>• Tuairimí a chur in iúl nuair a bhraitheann sé / sí go bhfuil sé ceart é sin a dhéanamh. |
| **Eolas Speisialta, Saineolas agus Féinfhorbairt** |
| • Scileanna agus saineolas thar roinnt réimsí atá ábhartha dá réimse agus a aithníonn daoine laistigh agus lasmuigh den Roinn / Eagraíocht a fhorbairt agus a choimeád;<br>• Coinneáil sé suas chun dáta le príomhbheartais rannacha, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus treochtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a théann i bhfeidhm ar an ról;<br>• Béim láidir a choinneáil ar fhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis. |
| **Spreagadh & Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí** |

- Féachann go comhsheasmhach chun feidhmiú ar ardleibhéal agus chun seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh
- Tiomantas pearsanta a thaispeáint don ról, diongbháilteacht agus marthanacht a choinneáil agus mothú cothromaíochta agus peirspictíochta a choinneáil maidir le saincheisteanna oibre;
- Cur go dearfach leis an gclár oibre corparáideach;
- Bheith ina dhuine iontaofa, macánta agus measúil, ag comhlíonadh gealltanais agus tiomantais;
- A chinntiú go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil;
- Bheith athléimneach, ag coinneáil cumhdaigh fiú amháin i gcásanna díobhálacha nó dúshlánacha;
- Cultúr a chur chun cinn a chothaíonn na caighdeáin is airde eitice agus ionracais.

## CUID 4: Incháilitheacht chun Dul san Iomaíocht

**<u>Incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus srianta áirithe ar incháilitheacht</u>**

**Ceanglais maidir le Saoránacht**

Ní mór d'Iarrthóirí incháilithe:

(a) A bheith ina shaoránach de Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Sa LEE, cuimsítear Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua; nó
(b) A bheith ina shaoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
(c) A bheith ina shaoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an Aontais Eorpaigh agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) A bheith ina shaoránach neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE nó RA nó Eilvéiseach agus a bhfuil víosa le stampa 4 aige nó aici; nó
(e) Duine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 air nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici, nó
(f) A bheith ina shaoránach neamh-LEE atá ina thuismitheoir de leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach de bhallstát LEE nó den RA nó den Eilvéis agus a bhfuil cónaí air ann, agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici,.

**Ní mór d'iarrthóir a bheith incháilithe faoin dáta d'aon thairiscint poist, d'fhonn a bheith incháilithe.**

**<u>Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí</u>**

Sa litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Phearsanra tugadh isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteanna idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste na Seirbhíse Poiblí de Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Is coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí nó in aon chomhlacht sa tSeirbhís Phoiblí (mar atá sainithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ní mór do dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (dáta éaga na tréimhse neamh-incháilitheachta).

**<u>Scéim Dreasacht Luathscoir (ISER)</u>**

Is coinníoll den Scéim Dreasacht Luathscoir (ISER) é mar atá leagtha amach i gCiorclán na Roinne Airgeadais 12/09 nach bhfuil lucht scoir, faoin Scéim sin, incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh daoine den sórt sin atá ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

**Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)**

Tugadh isteach le Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010 Scéim Dreasachta Luathscoir Spriocdhírithe (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Is coinníoll den scéim Dreasachta Luathscoir Spriocdhírithe é nach mbeidh daoine, atá ag baint leasa as an scéim, incháilithe d'athfhostú in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinn nó i gcomhlacht atá á mhaoiniú go hiomlán nó go príomha le hairgead poiblí. Tá feidhm leis an gcosc céanna ar athfhostaíocht faoin VRS, ach amháin go bhfuil feidhm leis an gcosc ar feadh tréimhse seacht mbliana. Ní féidir le daoine a bhain leas as scéim VER dul san iomaíocht sa chomórtas seo. Ní mór do dhaoine a bhain leas as an scéim VRS agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (dáta éaga na tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Litir Chiorcláin LG (P) 06/2013)**

Tugadh isteach le Litir Chiorcláin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013 Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla. De réir na dtéarmaí sa Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sonrach den Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar atá sainithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a bhfágann siad faoin Scéim seo. Beidh feidhm ag na coinníollacha sin freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíocht ar bhonn conartha i gcomhair seirbhíse (bíodh sé mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

**Dearbhú**

Iarrfar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí roimhe seo nó nár bhain. Iarrfar freisin ar iarrthóirí dearbhú a thabhairt maidir le haon teidlíochtaí ar shochar pinsin de chuid na Seirbhíse Poiblí (i bhfoirm íocaíochta nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó i gcás ina bhfuair siad 'íocaíocht in ionad' maidir le seirbhís in aon fhostaíocht de chuid na Seirbhíse Poiblí.

## CUID 5: Príomhchoinníollacha na Seirbhíse

**Ginearálta**

Tá an ceapachán le haghaidh poist bhuain sa Státseirbhís agus tá sé faoi réir Acht Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 agus aon Acht eile atá i bhfeidhm i láthair na huaire maidir leis an Státseirbhís.

**Tuarastal**

Beidh feidhm ag scála tuarastail an Phríomhoifigigh maidir leis an bpost seo.

Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta
Is é seo a leanas scála tuarastail an PPC (Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta) (ar bhonn bliantúil) don phost seo, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair, 2020:

Scála Tuarastail an Phríomhoifigigh
€89,072 – €92,738 – €96,377 – €100,044 – €103,136 – LSI 1 €106,343 *– LSI 2 €109,547**

* D'fhéadfadh incrimint Seirbhíse Fada ( LSI 1) a bheith iníoctha tar éis 3 bliana de sheirbhís shásúil ar an uasteorainn den scála.
* D'fhéadfadh incrimint Seirbhíse Fada ( LSI 2) a bheith iníoctha tar éis 6 bliana de sheirbhís shásúil ar an uasteorainn den scála.

Tá an ráta seo i bhfeidhm i gcás ina bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí cheana féin ar ceapadh é an 6 Aibreán 1995 nó roimhe sin, agus ceanglaítear air ranníocaíocht phinsin phearsanta a íoc. D'fhéadfadh ráta difriúil a bheith i bhfeidhm i gcás ina bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí cheana féin ar ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó roimhe sin, agus **nach gá** dó /dí ranníocaíocht phinsin phearsanta a íoc.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh siad ag dul isteach ag íosphointe an scála agus ní bheidh an ráta luach saothair faoi réir caibidlíochta agus féadfar é a choigeartú ó am go ham ag teacht le beartas pá an Rialtais. D'fhéadfadh go mbronnfar incrimintí go bliantúil de bharr feidhmíochta sásúla.

**Nóta Tábhachtach**

Féadfar téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm , más rud é, díreach roimh an gceapachán gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí buan é an ceapaí.

Íocfar na híocaíochtaí i riaráistí gach coicís trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i gcuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní fhéadtar íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbeidh uimhir chuntais bhainc agus cód sórtála bainc curtha ar fáil don Stiúrthóireacht AD, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Co na Mí C15 ND62. Déanfar asbhaintí reachtúla a bhaint ón tuarastal de réir mar is cuí.

Nuair a cheapfar tú, aontóidh tú go n-aisíocfar aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó caiteachais de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil de Thuarastal, Liúntais agus Ró-íocaíochtaí Speansais a íocadh le Baill Foirne / Iar-Bhaill Foirne / Pinsinéirí.

**Suíomh**

Tá an post atá le líonadh faoin gcomórtas seo suite i mBaile Átha Cliath.

**Tionacht agus Promhadh**

Tá an ceapachán chun poist bhuain ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse de bhliain amháin ón dáta a shonraítear ar an gconradh. D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach ina dhiaidh seo, ní chuirfidh sé sin cosc ar shíneadh an chonradh promhaidh, i gcúinsí cuí.

Le linn tréimhse do chonartha phromhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithnithe ag do mhaoirseoir (í) cuí chun a chinneadh an raibh tú:

(i) Ag feidhmiú ar bhealach sásúil,
(ii) Sásúil maidir le hiompar ginearálta, agus
(iii) Oiriúnach ó thaobh cúrsaí sláinte de, le haird faoi leith ar shaoire bhreoiteachta.

Sula gcuirfear an conradh promhaidh i gcrích, déanfar cinneadh maidir le cibé an gcoinneofar nó nach gcoinneofar thú faoi bhun Alt 5A(2) d'Achtanna um Rialáil na Státseirbhíse 1956 -2005. Beidh an cinneadh sin bunaithe ar d'fheidhmíocht a dhéanfar a mheas i gcoinne na gcritéar atá leagtha síos in (i) go (iii) thuas. Míneofar duit mionsonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh.

D'ainneoin na míreanna thuas san alt seo, féadtar conradh phromhaidh a fhoirceannadh ag ceachtar den dá thaobh, tráth ar bith sula dtéann téarma an chonartha in éag de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

I gcúinsí áirithe féadfar do chonradh a shíneadh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí comhaontú leis an síneadh.

- Fanann an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtaíoch
- Maidir le fostaí atá as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostaí a cheangal go gcuirfí an promhadh ar fionraí mura meastar go bhfuil an neamhláithreacht ag teacht le leanúint an phromhaidh
- Féadfar promhaidh a chur ar fionraí i gcásanna ar nós neamhláithreachta mar gheall ar thinneas neamhfhillteach

Sna himthosca sin, féadfaidh an fostaí iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir chun síneadh a chur le tréimhse an chonartha.

Freastalóidh gach ceapaí ar thréimhse phromhaidh de bhliain amháin. Má bhí ceapaí a mhainníonn coinníollacha an phromhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach ag fónamh díreach sular ceapadh é leis an gcomórtas seo, is gnách go dtiocfaidh saincheist na frithdhílse chun cinn. I gcás frithdhílse, fillfidh oifigeach ar fholúntas ina iar-ghrád ina iar-Rannóg.

**Uaireanta freastail**

Beidh na huaireanta freastail socraithe ó am go ham ach beidh meánuaireanta i gceist, nach lú ná 43 uair an chloig agus 15 nóiméad ar an iomlán, agus sosanna lóin san áireamh, nó 37 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine.

Féadfar go mbeadh ceangal ar an iarrthóir a n-éireoidh leis uaireanta breise a dhéanamh ó am go chéile de réir mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun feidhmiú cuí dá c(h)uid dualgas a chomhlíonadh faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos sna rialacháin ama oibre.

**Saoire Bhliantúil**

Is ionann do liúntas saoire bhliantúil ag 30 lá oibre in aghaidh na bliana. Tá an liúntas sin, atá faoi réir na ngnáth-choinníollacha maidir le deonú de shaoire bhliantúil, bunaithe ar seachtain oibre de chúig - lá agus ní áirítear na gnáth-laethanta saoire poiblí.

**Saoire Bhreoiteachta**

Maidir le pá i rith neamhláithreacht deimhnithe de bharr breoiteachta, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann de mhíchumas buan i gcomhair seirbhíse, beidh an pá sin i bhfeidhm ar bhunús pro-rata, de réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta.

Éileofar ar oifigigh, a bheidh ag íoc ráta Aicme A ÁSPC sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn nó an Eagraíocht fostóra. Beidh íocaíocht le linn breoiteachta faoi réir an oifigigh atá na héilimh riachtanacha á ndéanamh air ar shochar árachais shóisialaigh don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

Éileofar ort sainordú a shíniú ina dtabharfar údarú don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an nGarda Síochána. Beidh íocaíocht tuarastail le linn breoiteachta faoi réir éilimh riachtanacha á ndéanamh ar shochar árachais shóisialaigh don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

**Aoisliúntas agus Scor**

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha cuí maidir le haoisliúntas don iarrthóir rathúil, a bheidh i réim sa Státseirbhís tráth a dtairgfear an ceapachán. Go ginearálta, maidir le ceapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí tairgfear ceapachán dó/di bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("An Scéim Aonair"). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie .

I gcás inar oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí scéime neamh-aonair) sa 26 seachtain roimh an gceapachán nó go bhfuil sé/sí ar sos gairme nó ar saoire speisialta le pá/gan phá i láthair na huaire beidh téarmaí difriúla i bhfeidhm. Leagfar síos teidlíocht phinsin de cheapaithe den sórt sin i gcomhthéacs a stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a ghabhann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is í an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha mar an gcéanna leis an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, ag 66 bliain d'aois faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor nuair a shlánaíonn siad 70 bliain d'aois.
- Úsáidtear meán-thuillimh gairme chun sochair a ríomh (déantar pinsean agus cnapshuim a fhabhrú gach bliain agus déantar iad a uasrátáil gach bliain trí thagairt do CPI)
- Tá méaduithe ar phinsean iarscoir nasctha le CPI

**Laghdú Pinsin**

- Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá pinsean á fháil aige ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó i gcás ina dtagann pinsean Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí chun íocaíochta i rith a chuid/cuid athfhostaíochta **beidh an pinsean sin faoi réir laghdaithe** i gcomhréir le hAlt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara le do thoil: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo, aithníonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdaithe, i gcás inarb ábhartha. Níl sé beartaithe go dtabharfaidh an Roinn / Oifig a fhostaíonn thú tacaíocht d'iarratas ar tharscaoileadh laghdaithe maidir le ceapacháin don phost seo.**

- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir deonaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí 7/2010 VER/VRS nó litir Chiorcláin na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013, agus dá bharr, beidh duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh an teidlíocht ar an bpinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Féadfar socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, nuair a bheifear ag áireamh seirbhíse roimhe sin a thug an ceapaí ar mhaithe le haon bhronnadh aoisliúntais sa todhchaí dá bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe.

- **Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna le haghaidh Múinteoirí Ciorclán 102/2007**

  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, cé is moite de na cásanna atá leagtha amach in ailt 10.2 agus 10.3 de na cáipéisí ciorcláin ábhartha, agus na heisceachtaí sin amháin, i gcás ina nglacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfostaítear é/í ina dhiaidh sin in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, scoirfear láithreach an íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Tosófar ag íoc an phinsin arís, áfach, nuair a scoirfear fostaíocht dá leithéid nó ar shroicheadh 60 bliain d'aois don duine, cibé acu is déanaí, ach ar athfhilleadh dó/di, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine mar mhúinteoir ( is é sin, ní chuirfear san áireamh na blianta a cuireadh leis roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á ríomh).

- **Scor de bharr Drochshláinte**

  Tabhair faoi deara le do thoil go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar fhorais drochshláinte faoi théarmaí scéim aoisliúntais a dhearbhú, don eagraíocht atá ag riaradh an chomórtais earcaíochta, ag céim tosaigh an iarratais, go bhfuil pinsean den sórt sin á fháil acu.

  Ceanglófar ar iarratasóirí freastal ar oifig an CMO chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar ag cur san áireamh an riocht, a cháiligh iad le haghaidh IHR.

  *Ceapachán tar éis scoir drochshláinte ón Státseirbhís:*

  Má éiríonn leis an iarratasóir lena (h)iarratas sa chomórtas, ba chóir go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas faoin méid seo a leanas:

  - Má mheastar go bhfuil sé oiriúnach seirbhís rialta éifeachtach a sholáthar agus a shannadh do phost, scoirfidh a bpinsean drochshláinte sa státseirbhís.
  - Má mhainníonn an t-iarratasóir promhadh a chríochnú ina dhiaidh sin nó má chinneann sé a phost sannta a fhágáil, ní féidir aon aisiompú a dhéanamh ar stádas IHR na

státseirbhíse, ná pinsean IHR na státseirbhíse a athbhunú, a bhí ann roimh an iarratas ná níl teidlíocht ann dó.
- Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina bhall den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) ar cheapachán más rud é go raibh briseadh acu sa tseirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin a mhair níos mó ná 26 seachtain.

*Ceapachán tar éis scoir drochshláinte ón tseirbhís phoiblí:*

- I gcás ina ndeachaigh duine aonair ar scor ó chomhlacht a bhí sa Sheirbhís Phoiblí féadfar a phinsean/pinsean ón bhfostaíocht sin a chur faoi réir athbhreithnithe i gcomhréir leis na rialacha a bhaineann le scor de bharr drochshláinte laistigh den scéim sin.
- Má éiríonn le hiarratasóir, ar cheapachán iarrfar ar an iarratasóir a dhearbhú cibé an bhfuil nó nach bhfuil pinsean seirbhíse poiblí á fháil aige/aici (pinsean drochshláinte nó eile) agus d'fhéadfadh a phinsean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir laghdaithe.
- Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina bhall den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) ar cheapachán más rud é go raibh briseadh acu sa tseirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin a mhair níos mó ná 26 seachtain.
- Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd a fhaigheann pinsean drochshláinte státseirbhíse nó seirbhíse poiblí ar fáil tríd an nasc seo nó arna iarraidh sin do PAS.

**Fabhrú Pinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar sheirbhís iomlán a fhéadtar a chomhaireamh i dtreo pinsin, i gcás ina raibh duine ina bhall de bhreis is scéim pinsin amháin de chuid na seirbhíse poiblí a bhí ann cheana (is é sin Scéim neamh-Aonair) de réir an Achta 2012. Tá foráil don teorainn 40-bliain sin in Acht um Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige sin d'aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht sa tseirbhís phoiblí roimhe sin.

**Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise**

Tá an ceapachán seo faoi réir na ranníocaíochta aoisliúntais bhreise de réir Acht Pá agus Pinsean na Seirbhíse Poiblí  2017. Nóta; Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a éilítear faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí féach ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

**Rúndacht agus Caighdeáin Iompraíochta: Rúndacht oifigiúil agus ionracas**

Le linn théarma an chonartha phromhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014, arna leasú.  Comhaontóidh iarrthóirí rathúla gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe i rith thréimhse na fostaíochta ná dá éis.

**Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse**

Beidh an ceapaí faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí**

Sa Chód Eitice leagtar amach naoi gcaighdeán iompair agus cleachtais a bhaineann le gach duine sa Gharda Síochána, agus tá roinnt gealltanas ag gabháil le gach ceann acu. D'fhorbair an tÚdarás Póilíneachta é, de réir Acht an Gharda Síochána 2005, arna leasú. Sa Chód, tugtar aird ar na Prionsabail Phóilíneachta atá leagtha amach san Acht sin.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara, má mheastar go n-éireoidh leo sa chomórtas, go n-iarrfar orthu dearbhú a shíniú chun a dtiomantas don Chód Eitice a dhearbhú agus dearbhóidh siad go bhfuil Cód Eitice an Gharda Síochána léite acu agus go dtuigeann siad é, agus cloífidh sé leis na caighdeáin atá leagtha amach ann.

**Formheas roimh ré d'fhoilseacháin**

Aontóidh ball foirne ceaptha gan ábhar a fhoilsiú a bhaineann lena dhualgais oifigiúla gan cead a fháil roimh ré ón oifigeach údaraithe iomchuí.

**Gníomhaíocht Pholaitiúil**

Le linn téarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha lena rialaítear seirbhísigh phoiblí polaitíocht.

**Tabhair faoi deara le do thoil:**

Mar Fhostóir de Rogha tá go leor beartas oibre solúbtha agus cairdiúil don teaghlach ag an Státseirbhís lena n-áirítear roinnt deiseanna le haghaidh cianoibre. Tabhair faoi deara le do thoil, féadfaidh iarrthóirí rathúla deiseanna oibre solúbtha a iarraidh, áfach, is faoi rogha an fhostóra é seo agus déantar cinneadh de réir riachtanais ghnó na heagraíochta, agus ar bhonn cás ar chás.

**FÓGRA TÁBHACHTACH**

**Léirítear sa mhéid thuas príomhchoinníollacha na seirbhíse agus ní mheastar gur liosta cuimsitheach é de théarmaí agus coinníollacha uile na fostaíochta a leagfar síos sa chonradh fostaíochta a bheidh le haontú leis an iarrthóir rathúil/iarrthóirí rathúla.**

## CUID 6: Próiseas Iarratais agus Roghnúcháin

## APPLICATION PROCESS

**Conas iarratas a dhéanamh**

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó:
www.garda.ie

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán i bhformáid doiciméad Word agus a sheoladh i ríomhphost chuig hrpd.staffcompetitions@garda.ie le ceannteideal an ábhair: **Oifigeach um Chosaint Sonraí**.

**Dáta Deiridh**

Is é an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais ná: **17:00 Dé hAoine 25th Meitheamh, 2021**

***Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.***

Moltar duit iarratas a dhéanamh i bhfad roimh an dáta deiridh ar eagla go mbeadh aon deacrachtaí agat. Beidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige ag 046 903 6376/7/5 (uimhir rátaí áitiúla) nó trí ríomhphost chuig HRPD.StaffCompetitions@garda.ie suas go dtí an dáta deiridh.

**Iarrthóirí ar mian leo Cóiríocht Réasúnta a úsáid**

Iarrtar ar iarrthóirí ar mian leo leas a bhaint as cóiríocht réasúnach tuarascáil síceolaithe / leighis a chur isteach. Is é cuspóir na tuarascála gníomhú mar bhunús chun socruithe réasúnacha a chinneadh nuair is iomchuí. Caithfear na tuarascálacha seo a chur ar aghaidh chuig Stiúrthóireacht AD, An tUasal Rosslyn May, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Co. na Mí, C15 ND62.

## SELECTION PROCESS

**Modhanna an Phróisis Roghnúcháin**

I measc na modhanna a úsáidfear chun hiarrthóirí rathúla a roghnú do na poist d'fhéadfadh cuid den méid seo a leanas a bheith san áireamh, nó an méid seo a leanas ina iomláine:

- Gearrliostú d'iarrthóirí bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar a bhfoirm iarratais;
- Beidh agallamh bunaithe ar inniúlacht i gceist, ina bhféadfaí cur i láthair agus/nó cleachtadh(cleachtaí) breise measúnaithe a áireamh freisin.
- Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith oiriúnach.

Tairgfear poist in ord na n-iarrthóirí sin a bhaineann na háiteanna is airde amach san ord fiúntais foriomlán a dhréachtaítear tar éis na n-agallamh, i.e. tabharfar post do na hiarrthóirí leis an rangú is airde, ar a seal.

**Neamh-Aisíocaíocht speansas**

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach mbeidh feidhm ag forálacha Chiorclán 6/89, Speansais Aistrithe, maidir le haon tairiscintí ceapacháin a eascraíonn ón gcomórtas seo. De bhreis air sin, ní aisíocfar aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí agus iad ag tabhairt faoi nó ag freastal ar aon eilimintí den phróiseas roghnúcháin.

**Cumarsáid**

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go n-eiseofar gach cumarsáid a bhaineann leis an gcomórtas seo, lena n-áirítear torthaí a sholáthar, trí ríomhphost amháin. Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go gcuirtear seoladh bailí ríomhphoist agus sonraí teagmhála ar fáil ar an bhfoirm iarratais agus ba cheart dóibh an seoladh ríomhphoist sin a sheiceáil go rialta.

**Gearrliostú**

De ghnáth bíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost níos mó ná an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus folúntais don todhchaí maidir leis an bpost a líonadh. Cé go bhféadfadh sé go gcomhlíonann iarrthóir ceanglais incháilitheachta an chomórtais, má tá an líon atá ag déanamh iarratas ar an bpost ar dhóigh a fhágann nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh an Gharda Síochána cinneadh a dhéanamh go nglaofar ar líon níos lú d'iarrthóirí chun an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin.

Maidir leis seo, déanann an Garda Síochána foráil maidir le próiseas gearrliostaithe a fhostú chun grúpa a roghnú ar cosúil gurb iad is oiriúnaí don phost. Ní hionann sin is a rá nach bhfuil na hiarrthóirí eile oiriúnach nó nach bhfuil sé ar a gcumas tabhairt faoin bpost, ach in ionad sin is cosúil go bhfuil roinnt iarrthóirí atá, níos incháilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

Féadfaidh na critéir riachtanacha agus inmhianaithe a shonraítear don phost a bheith san áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Dá bhrí sin is ar do mhaitheasa féin é cuntas mionsonraithe agus cruinn a sholáthar faoi do cháilíochtaí/ thaithí i d' iarratas.

**Iarrataí ar Athsceidealú**

Ní bhreithneofar iarratais ar athsceidealú ach amháin in imthosca eisceachtúla mar a mheasann an Garda Síochána a bheith inghlactha (m.sh. Méala/Breoiteacht). Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfaidh an Garda Síochána doiciméadacht tacaíochta a iarraidh mar fhianaise.

**Grinnfhiosrúchán & Imréiteach Slándála**

Ní mór duit foirm Grinnfhiosrúchán docht an Gharda Síochána a chuir i gcrích má mheastar tú le haghaidh ceapacháin. Is próiseas an-dhomhain é seo agus féadfaidh sé suas le 12 sheachtain a thógáil. Ní féidir tú a cheapadh gan an próiseas grinnfhiosrúcháin seo a imréiteach.

## CUID 7: Faisnéis Thábhachtach Iarrthóra

**Faisnéis Ghinearálta**

Ní bheidh an Garda Síochána freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarratasóirí a aisíoc.
Tairgfear poist in ord na n-iarrthóirí sin a bhaineann na háiteanna is airde amach san ord fiúntais foriomlán a dhréachtaítear tar éis na n-agallamh, i.e. tabharfar post do na hiarrthóirí leis an rangú is airde, ar a seal.

Má ghlactar le duine ar chomórtas, nó má thugtar cuireadh chun freastal ar agallamh, níor cheart go dtuigtear go bhfuil an Gharda Síochána sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir an dlí ón bpost.

Sula molfaidh sé aon iarrthóir le ceapadh sa phost seo, déanfaidh an Garda Síochána gach fiosrúchán den sórt sin a mheastar a bheith riachtanach m.sh. sláinte, carachtar, tagairtí fostóra, seiceálacha slándála lena n-áirítear grinnfhiosrúchán, nó aon fhiosrúcháin eile a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go bhfuil cinneadh den sórt sin déanta.

**Critéir Shonracha an Iarrthóra**

Chomh maith leis na critéir incháilitheachta atá leagtha amach a chomhlíonadh, ní mór d’iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist ábhartha a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ó thaobh sláinte agus carachtair de;
- A bheith oiriúnach ar gach bealach ábhartha eile le haghaidh ceapacháin don phost ábhartha.

Má éiríonn leo, ní cheapfar iad sa phost:

- Mura n-aontaíonn siad leis na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhlíonadh agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais, nó a d’fhéadfadh a cheangal orthu a chomhlíonadh;
- Mura bhfuil siad lán-inniúil agus ar fáil chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh, agus lán-ábalta iad a chomhlíonadh.

**Ceapacháin ó phainéil**

Bunófar painéal as a ndéanfar coinne agus óna bhféadfar folúntais a líonadh amach anseo. **Ní** ráthaíocht go gceapfar post í cáilíocht agus socrúchán ar phainéal.

Is é an tÚdarás Póilíneachta a cheapfaidh an t-iarrthóir rathúil.

Tabhair faoi deara le do thoil, a luaithe a ghlacfar le tairiscint cheapacháin, go mbainfear iarrthóir den phainéal agus nach ndéanfar tairiscintí ceapacháin eile. Má thagann folúntais den chineál céanna chun cinn in áiteanna eile sa Státseirbhís, féadfar iarrthóirí a tharraingt ón gcomórtas seo.

Rachaidh an painéal in éag dhá bhliain óna bhunú, mura shíntear a mhalairt, nó nuair a bheidh sé ídithe, cibé acu is luaithe. Ní bheidh aon éileamh ar ardú céime ag iarrthóirí nach gcuirtear chun cinn nuair a rachaidh an painéal in éag mar gheall ar a bheith ar an bpainéal.

**Tagairtí**

Má chuirtear san áireamh tú i gcomhair poist iarrfar ort ainmneacha moltóirí a sholáthar. Ní gá do na moltóirí d'fhostóir reatha a áireamh. Mura bhfuil aon taithí oibre agat roimhe seo b'fhéidir gur leor tagairt ó do scoil/ollscoil. Ba cheart go gcuirfí ar fáil sna tagairtí faisnéis réasúnta le déanaí d'fheidhmíocht agus d'iompar i gcomhthéacs oibre. Tabhair faoi deara le do thoil, má éiríonn leat san agallamh agus má dhéantar tú a bhreithniú i gcomhair poist, beidh gá le teistiméireacht ó d'fhostóir reatha sula sannfar é. Ní leor ráiteas fostaíochta agus ní ghlacfar leis mar thagairt fostóra. Ní dhéanfaimid teagmháil le d'fhostóir reatha gan do thoiliú.

**Iarrthóireacht a mheas le haistarraingt**

Maidir le hiarratasóirí nach bhfreastalaíonn i gcomhair agallaimh nuair a iarrtar orthu agus san áit a iarrtar orthu, nó nach dtugann, nuair a iarrtar orthu, fianaise dá leithéid a sholáthar, de réir mar a éilítear uirthi maidir le haon ábhar atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh breise acu d'fhonn breithniú a dhéanamh uirthi ina leith.

**Tairiscint cheapacháin a dhiúltú**

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar do cheapachán, nó tar éis glacadh leis, scaradh leis, féadfaidh Acmhainní Daonna an Gharda Síochána dá rogha féin, an post a thairiscint don chéad iarrthóir eile ar an bpainéal.

**Rúndacht**

Féadfaidh iarrthóirí a bheith ag súil go ndéileálfar le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí mar rún daingean faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014.

Baintear míreanna faisnéise áirithe, nach mbaineann go sonrach le haon duine, ó thaifid ríomhaire chun críocha staitistiúla ginearálta.

**Úsáid Trealaimh Thaifeadta**

Ní cheadaíonn Garda Síochána aon chineál trealaimh taifeadta neamhúdaraithe a úsáid ar a áitreabh. Baineann sé seo le haon chineál taifeadta fuaime agus le haon chineál taifeadta pictiúr nó físe, cibé acu taifeadadh fuaime a áireamh nó nach ea, agus cumhdaítear ann aon chineál gléis a úsáidtear chun na críocha seo. Ní mór d'aon duine ar mian leis an trealamh sin a úsáid chun aon cheann de na críocha seo cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an beartas seo i bhfeidhm chun príobháideacht na foirne agus na gcustaiméirí agus sláine ár n-ábhar measúnaithe agus ár bpróisis mheasúnaithe a chosaint. Is sárú ar an mbeartas seo úsáid neamhriachtanach de threalamh taifeadta ag duine ar bith. D'fhéadfaí aon iarrthóir a raibh baint aige le sárú den sórt sin a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir ionchúisimh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht & Ceapacháin), 2004.

**Cód Cleachtais**

Tá feidhm ag Cód Cleachtais um Cheapachán chuig Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí de chuid an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) maidir leis an gcomórtas seo agus féadtar féachaint air ar www.cpsa.ie. Sa Chód Cleachtais an CPSA, tugtar breac-chuntas ar na nósanna imeachta trína bhféadtar le hiarrthóir athbhreithniú a lorg maidir le cinneadh a rinneadh maidir lena (h)iarratas nó i ndáil le líomhaintí gur sáraíodh an Cód Cleachtais.

De réir phrionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá an Garda Síochána tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrach agus fiúntach a sholáthar d'iarrthóirí. Maidir leis seo cuirfear aiseolas i scríbhinn ar fáil d'iarrthóirí. Is éard a bheidh anseo ná marcanna an iarrthóra ón gcomórtas agus tráchtanna ón mbord agallaimh ar fheidhmíocht an iarrthóra, de réir mar is cuí.

Leagtar amach sa Chód Cleachtais na nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar iarratais iarrthóirí ar athbhreithniú agus ar ghearáin iarrthóirí maidir le próiseas ceapacháin.

Léirítear na croíphrionsabail seo a leanas sa Chód;

- Ionracas
- Fiúntas
- Dea-Chleachtas
- Cothroime agus Comhsheasmhacht
- Oscailteacht, Cuntasacht agus Trédhearcacht

Faoin gCód Cleachtais tá sé de dhualgas ar an nGarda Síochána;

- Deis réasúnta a thabhairt do gach iarrthóir incháilithe iarratas a dhéanamh ar an bpost.
- A chinntiú go bhfuil na riachtanais incháilitheachta oiriúnach do dhualgais agus do riachtanais an phoist.
- Caitheamh go cothrom le gach iarrthóir ar bhealach cothrom, neamhchlaonta agus cothrom agus a chinntiú go ndéileáiltear lena n-iarratais faoi rún.
- Iarrthóirí a roghnú de réir fiúntais ag baint úsáide as teicnící roghnóireachta fónta, oibiachtúla agus oiriúnacha.
- A chinntiú go bhfuil saineolas iomchuí i measc an bhoird a roghnaíonn iarrthóirí.
- Cloí leis an reachtaíocht ábhartha uile, mar shampla Comhionannas, Dlí Fostaíochta, Cosaint Sonraí agus Saoirse Faisnéise.
- Sásraí athbhreithnithe agus achomhairc a sholáthar.

Níl aon oibleagáid ar an nGarda Síochána próiseas ceapacháin a chur ar fionraí fad a mheasann sé iarraidh ar athbhreithniú. Tabhair faoi deara le do thoil, i gcás go ndearnadh athbhreithniú foirmiúil ar phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin faoi Alt 7 nó 8 den Chód Cleachtais seo, ní fhéadfaidh gearánach athbhreithniú breise a lorg ar an bpróiseas céanna faoi Alt 9, seachas sna cúinsí is eisceachtúla a chinnfidh an Coimisiún é dá lánrogha féin.

**Cearta Iarrthóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin**

Tá faisnéis maidir le nósanna imeachta athbhreithnithe leagtha amach i gCodanna 7 agus 8 den Chód Cleachtais thuasluaite. (Tá an dá nós imeachta comheisiatach seachas sna himthosca is eisceachtúla a chinnfidh an Coimisiún dá lánrogha féin.)

- **Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil:** Nuair is féidir, agus le comhaontú an iarrthóra amháin, déanfar gach iarracht aon cheist/gearán a réiteach trí phróiseas neamhfhoirmiúil.
- Tá feidhm ag nósanna imeachta athbhreithnithe **Alt 7** i gcásanna ina bhfuil iarrthóir míshásta le caingean nó cinneadh maidir lena (h)iarrthóireacht (ach nach gcreideann sé gur sáraíodh an Cód Cleachtais).
- Tá feidhm ag nósanna imeachta athbhreithnithe **Alt 8** má chreideann iarrthóir gur sháraigh gné den phróiseas Cód Cleachtais an CPSA.

**Iarraidh ar Athbhreithniú**

Ba chóir iarratais ar athbhreithniú neamhfhoirmiúil a chur isteach i scríbhinn chuig hrpd.cpsa@garda.ie agus na forais le haghaidh athbhreithnithe a leagan amach go soiléir agus an Chuid ábhartha den Chód a shonrú.  Agus iarratas ar athbhreithniú á dhéanamh ag an iarrthóir, ní mór don iarrthóir tacú lena iarratas trí na fíricí a chreideann siad a thaispeánann go raibh an gníomh a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart a leagan amach. Féadfar iarraidh ar athbhreithniú a dhiúltú mura féidir leis an iarrthóir tacú lena iarratas. Sa chás go ndéantar próiseas foirmiúil a agairt, ba cheart do na hiarrthóirí a chinneadh cén nós imeachta is iomchuí dá gcúinsí, ie Alt 7 nó Alt 8.

Is iad seo a leanas na hamlínte d'iarratais ar athbhreithniú:

| **Athbhreithniú ALT 7** | **Athbhreithniú ALT 8** |
|---|---|
| *Céim eatramhach na hiomaíochta:*<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil - 2 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil - 4 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil<br><br>*Céim dheiridh an chomórtais:*<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil - 5 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil - 10 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil nó 2 lá oibre tar éis fógra a thabhairt faoi athbhreithniú neamhfhoirmiúil | *Céimeanna Eatramhacha agus Deiridh na hiomaíochta:*<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil - 5 lá oibre tar éis an cinneadh a fháil<br><br>Iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil - 2 lá oibre tar éis fógra a thabhairt faoi chinneadh a d'eascair as athbhreithniú neamhfhoirmiúil nó gan mhoill i gcás nach mbaineann an t-iarrthóir leas as Athbhreithniú neamhfhoirmiúil<br><br>*CPSA* - 10 lá oibre tar éis cinneadh a fháil a d'eascair as athbhreithniú an shealbhóir oifige |

**Iarraidh ar Aiseolas**

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnúcháin ar fáil ar iarratas i scríbhinn. Níl aon chreataí ama ar leith socraithe chun aiseolas a sholáthar.

Tabhair faoi deara le do thoil gur próiseas ar leithligh é an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais le amlínte sonraithe nach mór a chomhlíonadh. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a thiomsú sula ndéantar an sásra achomhairc a agairt. Ní féidir an fráma ama atá leagtha amach i gCód CPSA a fhadú ar chúis ar bith fiú chun aiseolas a sholáthar.

**An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018**

Ní dhéanfar sonraí pearsanta a sholáthraíonn iarrthóirí a phróiseáil ach chun na gcríoch a shonraítear sa doiciméad seo, agus laistigh de bhunús dleathach atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (AE) 2016/679) agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018.

Cuirfear na bearta riachtanacha go léir i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta slán sábháilte, agus nach bpróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha. Ní choinneofar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun an cuspóir a bhfuarthas iad a bhaint amach.

**Canbhasáil**

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil cosc ar na rudaí seo a leanas a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach;

- Canbhasáil maidir leis an bpróiseas;
- Iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas;
- Tionchar a imirt ar chinneadh aon duine maidir leis an bpróiseas; nó
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó é a chomhréiteach.

**Sárú an Chóid Chleachtais**

Beidh aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile chun na forálacha thuas a shárú ciontach as coir. Beidh duine a fhaightear ciontach i gcion dlite chun fíneála /nó príosúnachta.

Ina theannta sin, más rud é go bhfuarthas ciontach i gcion duine atá nó a bhí ina iarrthóir ag próiseas earcaíochta, dícháileofar é nó í mar iarrthóir agus eisiafar é nó í ón bpróiseas. Sa chás gur ceapadh iarrthóir i bpost tar éis an phróisis earcaíochta, bainfear den phost sin é.